# Wicklow County Council
# Comhairle Chontae Chill Mhantain

# Notice of Election

**<u>Local Authority: WICKLOW COUNTY COUNCIL</u>**

An election of members for each of the local electoral areas of the above-mentioned local authority is about to be held.

Nomination papers may be obtained from the address below during the usual office hours or by emailing hpurcell@wicklowcoco.ie.

A person may nominate himself/herself as a candidate or may, with his/her consent, be nominated by a proposer who is registered as a local government elector in the local electoral area of the local authority for which he/she proposes to nominate the candidate.

A nomination paper from a candidate of a registered political party must have a certificate of political affiliation attached which must be produced to me with his/her completed nomination paper.

If no certificate is attached, the candidate must, before the latest time for receiving nominations, either-

- secure 15 assents to the nomination by way of statutory declarations by local government electors registered in the relevant local electoral area (forms available from me or the registration authority), or

- make a deposit of €100 (deposit may also be made on the candidate's behalf).

The latest time for receiving nominations is 12 noon on Saturday the 18th day of May, 2024.

Completed nomination papers may be delivered to me in person by the candidate or his/her proposer at any time when I am at my office, from 10am on Saturday 11th day of May, 2024 until 12 noon on the last day for receiving nominations.

I am required by law to attend to receive nominations between 10am and 12 noon and between 2pm and 5pm on Friday the 17th day of May, 2024 and between 10am and 12 noon on Saturday the 18th day of May, 2024.

If the election is contested, a poll will be taken on the 7th day of June, 2024 between the hours of 7:00 am and 10:00 pm.

**Lorraine Gallagher,**
**Returning Officer,**
**Wicklow County Council**
**County Buildings,**
**Wicklow Town**
**A67 FW96**

**Date 1st day of May, 2024**

# Comhairle Chontae Chill Mhantáin

# Fógra Toghcháin

**Údarás Áitiúil: COMHAIRLE CHONTAE CHILL MHANTÁIN**

Táthar ar tí toghchán a reáchtáil chun comhaltaí do gach aon cheann de thoghlimistéir áitiúla a thoghadh don údarás áitiúil atá luaite thuas.

Is féidir páipéir ainmniúcháin a fháil ón seoladh thíos le linn gnáthuaire oifige nó trí ríomhphoist a sheoladh chuig hpurcell@wicklowcoco.ie.

Féadfaidh duine é féin nó í féin a ainmniú mar iarrthóir i dtoghchán nó féadfaidh duine eile (is duine atá cláraithe mar thoghthóir rialtais aitiúil i limistéar an údaráis áitiúil a bhfuil sé beartaithe ag an duine an t-iarrthóir a ainmniú dó), mar mholtóir, é nó í a ainmniú, lena thoiliú nó lena toiliú i scríbhinn.

Ní mór deimhniú cleamhnachta polaitíochta a bheith ag gabháil le páipéar ainmniúcháin ó iarrthóir páirtí polaitíochta cláraithe agus caithfear é a thabhairt ar aird domsa lena fhoirm/lena foirm ainmniúcháin chomhlánaithe.

Mura mbeidh aon deimhniú tugtha ar aird ní mór don iarrthóir, roimh an am is déanaí chun ainmniúcháin a fháil, ceachtar den dá rud seo a dhéanamh –

- cúig aontú dhéag leis an ainmniúchán a fháil trí dhearbhuithe reachtúla ó thoghthóirí rialtais áitiúil a bheidh cláraithe sa toghlimistéar áitiúil ábhartha (tá na foirmeacha ar fáil uaimse nó ón údarás cláraithe), nó

- éarlais de €100 a íoc (is féidir éarlais a íoc thar ceann an iarrthóra freisin).

Is é an t-am is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh ná 12 meán lae Dé Sathairn, an 18ú lá de Bhealtaine, 2024.

Is féidir leis an iarrthóir nó lena mholtóir/a moltóir páipéir ainmniúcháin chomhlánaithe a sheachadadh chugam i bpearsa tráth ar bith a bhím i m'oifig, ó 10am ar an Satharn 11ú lá de Bhealtaine, 2024 go dtí 12 meán lae ar an lá is déanaí le hainmniúcháin a ghlacadh.

Tá ceangal orm faoin dlí a bheith i láthair le glacadh le hainmniúcháin idir 10am agus 12 meán lae agus idir 2pm agus 5pm Dé hAoine an 17ú lá de Bhealtaine, 2024 agus idir 10rn agus 12 meán lae Dé Sathairn an 18ú lá de Bhealtaine, 2024.

Má bhíonn toghachán comhraic ann, reáchtálfar vótaíocht ar an 7ú lá de Mheitheamh, 2024 idir na huaireanta 7:00 am agus 10:00 pm.

**Lorraine Gallagher,**
**Ceann Comhairimh,**
**Oifig na gConntae,**
**Baile Chill Mhantáin.**
**A67 FW96**

**1 lá de Bhealtaine, 2024.**